# <u>Brat Naomh Bríd</u>

## Réamhrá

Is í Naomh Bríd an naoimh is urraithe in Éirinn. Ar an gcéad lá de mhí Feabhra gach bliain, bíonn Lá Fhéile Bríd á cheiliúradh. Tá sé mar thraidisiún sa tír go ndéantar crósóga Naomh Bríd as luachair agus crochtar iad sna tithe chun muintir an tí a chosaint.

Creidtear gur saolaíodh Naomh Bríd thart ar 450 AD i bhFochart, in aice le Dún Dealgan i gcontae Lú. Mhair sí thart ar an am céanna le Naomh Pádraig agus bhí an tionchar aige uirthi. Bheartaigh sí agus í óg, a saol a chaitheamh ina Críostaí. Le linn a hóige, bhí clú agus cáil uirthi de bharr a cineáltas, cneastacht agus na míorúiltí a cuireadh ina leith. De réir na bhfinscéalta, d'impigh sí ar Dhia a háilleacht a chuir faoi cheilt ionas nach mbeadh fear ar bith sa tóir uirthi chun í a phósadh. Theastaigh ó Bhríd a saol a chaitheamh ag tabhairt aire agus cúnamh de na heasláin agus daoine críonna. Faoi dheireadh, thug Dia freagra ar a cuid paidreacha agus scaoil a hathair léi dul an chlochair.

Págánach ab ea athair Naomh Bríd agus thug sé Dana mar ainm uirthi. Is í Dana an bandia Ceilteach a raibh baint aici le tine, le healaín, le dánta agus amhráin. Fadó, deirtear gurb í Dana máthair na déithe Éireannacha agus tugadh Bríd mar ainm uirthi freisin, ainm a chiallaíonn 'ban fhile'. Sa sean shaoil in Éirinn le linn ré na Págánaigh, ar Lá Fhéile Bríd, an chéad lá d'Fheabhra ceiliúradh Imbolg. Lá ómóis don bhandia Dana agus tús an Earraigh a bhíodh á cheiliúradh acu.

Go gairid timpeall ar 470 AD, bhunaigh Naomh Bríd lonnaíocht eaglaise do bhan rialta agus manaigh i gCill Dara. Bhí clú agus cáil ar Mhainistir Chill Dara in Éirinn agus ar fud na hEorpa. Is í Brat Naomh Bríd an fhinn scéal a deireann linn conas a tháinig sí ar sheilbh an talamh le tógáil air.

****************************

Theastaigh ó Naomh Bríd clochair a bhunú dá lucht leanúna agus d'aimsigh sí an suíomh is oiriúnaí i gCill Dara. D'imigh sí ar cuairt ag Rí Laighean chun an talamh a fháil uaidh.

" Bheadh an clochar in aice na coille agus bheadh ár ndóthain adhmaid againn don tine chun sinn a choimeád teolaí sa gheimhreadh" arsa Naomh Bríd. "Bheadh uisce le hól agus iasc le nithe againn ón loch lenár n-ais. Bheimis in ann barra a chur san ithir shaibhir. Ní bheadh orainn aon ní eile a fháil uait riamh arís."

Fear santach a bhí i rí Laighean. Gháir sé faoi Naomh Bríd agus a hiarratas áiféiseach. Rinne sí a seacht míle dícheall é a mhealladh ach níor theastaigh ón Rí scaoileadh le haon phíosa dá thalamh. I ndeireadh na dála, dúirt sí leis an Rí go mí-foighneach, " Tabhair dom an méid talamh a chludaíonn mo bhrat!"
Bhí an Rí ag éirí tuirseach don chomhrá. Chuir iarratas Bhríd fonn gáire ar an Rí agus gheall sé an méid talamh agus a chlúdódh a brat di. Cheap sé nach mbeadh mórán i gceist!

An lá dár gcionn, tháinig Rí Laighean ar cuairt ag Naomh Bríd i gCill Dara. Bhain Bríd a brat di agus thug sí na ceithre chúinne dá ceithre chara. Rith duine acu ó

thuaidh, duine ó dheas, duine eile soir agus an duine deireanach siar. Bhí iontas an domhan ar an Rí nuair a thosaigh an brat ag síneadh agus ag fás go dtí nach raibh radharc aige ar an gceathrar ban. Ag deireadh thiar thall, bhí brat Bhríd ag clúdach go leor acra de thalamh saibhir an Rí.

"Stop", a bhéic an Rí, "tuigim anois go bhfuil beannacht Dé ort agus go mian leis an chlochar a thógáil anseo. Ní cóir dom a bheith giánna leat inné nuair a tháinig tú ar cuairt chugam. Coinneoidh mé mo mhargadh leat agus is féidir leat do chlochair a thógáil anseo".

Thóg Naomh Bríd a clochair faoi chrann dair i gCill Dara.